



Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council

Guthán: 074 9153900 www.donegalcoco.ie



Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

D'úsáid oifigiúil amháin:

Dátstampa:

Uimhir Thagartha SFÁ:

FOIRM IARRATAIS DON SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL

1. Tograí atá incháilithe fá choinne Deontais

- Bóthar neamhphoiblí a thógáil nó a fheabhsú:
 - 1.1 a sholáthraíonn rochtain ar dhá dháileacht talún atá faoi úinéireacht, nó ar áitiú, ag daoine difriúla agus iad i mbun gníomhaíochtaí talmhaíochta atá neamhspleách óna chéile, nó
 - 1.2 a sholáthraíonn rochtain do bheirt nó níos mó ar chúiseanna buainteoireachta (móin agus feamainn san áireamh)
- Ní mór don bóthar, i dtuairim na Comhairle, a bheith in úsáid ag an phobal.
- Ní mór **Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin** (Scála 1:2500 nó Léarscáil "Area Aid" ar Scála 1:5000) a bheith leis an iarratas, agus na dáileachtaí ar leith talún atá incháilithe faoi 1.1 nó 1.2 thuas marcáilte uirthi. Seolfar iarratais ar ais mura bhfuil na léarscáileanna seo curtha isteach leo.

2. Foirm Údaraithe agus Chomhaontaithe

Aontaíonn muidne, na daoine a bhfuil ár síniú thíos, mar úinéirí sealúchais a bhainfidh tairbhe as an scéim bheartaithe, nó a mbeidh tionchar aici orainn, aontaíonn muid leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach sa cháipéis seo.

Ceapann muid, agus fágann muid lánchumhacht faoi _____ chun gníomhú ar ár son mar Ionadaí ar son na nIarratasóirí i ngach comhfhreagras agus i ngach gnó eile a éiríonn as an iarratas seo, agus aontaíonn gach duine againn a bheith faoi cheangal ag an chomhfhreagras sin agus ag gach gníomh de chuid an Ionadaí seo ar son na nIarratasóirí.

3. LIOSTA 1

	Ainm Úinéir an tSealúchais (BLOCLITREACHA)	Síniú Úinéir an tSealúchais	Cineál Gníomhaíocht Talmhaíochta (más ann di)
1			
2			
3			
4			
5			
6			
7			
8			
9			

Is féidir sínithe eile a scríobh ar leathanach breise más gá.

4. Ionadaí na nIarratasóirí

Deimhním go bhfuil ar Liosta 1 thuas ainmneacha gach úinéir talún agus daoine eile a mbeadh an scéim seo ag freastal ar a dtalamh, a dtithe nó sealúchais eile dá gcuid. Beidh mise ag feidhmiú mar Ionadaí na nIarratasóirí.

Síniú Ionadaí na nIarratasóirí _____

Ainmnithe i gCuid (2) thuas

Dáta _____

Seoladh poist: _____

Éirchód: _____


Uimhir Ghutháin: _____

5. Sonraí na hOibre a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh fána coinne

A. Ceantar Bardais _____ Baile Fearainn _____

B. Fad agus leithead an bhóthair atá le feabhsú (méadair) , go garbh _____

C. Cuir síos ar cá háit go díreach a bhfuil an suíomh
e.g. Cá háit a dtosaíonn an lána etc. _____

D. Léarscáil ceangailte 
Féach cuid 1 thuas

E. Cuir síos ar an obair atá de dhíth _____

F. An bhfreastalaíonn an togra ar aon teaghlach eile lasmuigh, nó ar an phobal i gcoitinne, agus má fhreastalaíonn cén dóigh?

G. An bhfuil gach duine a mbeidh tionchar ag an togra seo, má chuirtear i bhfeidhm é, ar a gcuid leasa féin, nó ar a gcuid talún, toilteanach an cead atá riachtanach a thabhairt le go mbeifí in ann an obair a chur i gcrích?

BAINÉANN AN SCÉIM FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL LE BÓITHRE NEAMHPHOIBLÍ (BÓITHRE FEIRME AGUS ROINNT BÓITHRE A FHREASTALAÍONN AR AN PHOBAL*) AGUS BÓITHRE PORTAIGH

* Baineann sé seo le bóthar, cé nach bóthar poiblí é, a d'fhéadfadh dhá bhóthar poiblí a cheangal le chéile nó bealach isteach chuig trá nó chuig coimín a chur ar fáil, agus mar sin de bheadh sé ag freastal ar an phobal áitiúil talmhaíochta.

Cuid 2 - Téarmaí agus Coinníollacha

1. NÍ MÓR DON OBAIR A BHEITH CHUN SOCHAIR DO DHÁ DHÁILEACHT TALÚN, NÓ NÍOS MÓ, ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT, NÓ AR ÁITIÚ, AG DAOINE DIFRIÚLA, NÓ MAIDIR LE CEARTA PORTAIGH ETC A BHEITH AG FREASTAL AR BHEIRT NÓ NÍOS MÓ ATÁ I DTEIDEAL NA GCEART SIN.
2. Ní mór don bhóthar, i dtuairim na Comhairle, a bheith in úsáid ag an phobal. Caithfidh an obair a bheith fóirriachtanach agus ní gnáthobair chothabhála den chineál a mbeifí ag dréim go réasúnta go ndéanadh na hiarratasóirí iad féin í ar a son féin.
3. Ní ghlacfar le híocaíochtaí comhchineáil - e.g. obair saor in aisce - in áit airgid.
4. Caithfidh na hiarratasóir socrú a dhéanamh eatarthu féin chun aon talamh a d'fhéadfadh a bheith de dhíth leis an bhóthar nó an draenacha, de réir mar is cuí, a thógáil nó a leathnú, a chur ar fáil gan chostas do Chomhairle Contae Dhún na nGall.
5. Is í Comhairle Contae Dhún na nGall, de réir a rogha féin, a shocróidh sonraíocht na hoibre atá le déanamh agus an dóigh is fearr lena dhéanamh, agus ní bheidh aon chás ag na hiarratasóirí i gcoinne na Comhairle Contae de bharr aon mhí-fhoirfeacht a d'fhéadfadh a bheith san obair chríochnaithe nó de bharr gan a bheith in ann an méid iomlán a beartaíodh a chur i gcrích.
6. Déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall an méid ar aontaíodh air (i.e. An costas measta) a chaitheamh ar an obair, agus sa chás nach leor an méid sin leis an obair uilig atá sonraithe a dhéanamh ní bheidh aon dliteanas ar Chomhairle Contae Dhún na nGall aon suim bhreise eile, sa bhreis ar an tsuim a aontaíodh, a chaitheamh leis an obair a chríochnú. Ach déanfar fordheontas a mheas ar bhonn fiúntais má iarrann na hiarratasóirí sin agus má aontaíonn siad cibé suim a d'fhéadfadh a bheith de dhíth, mar ranníocaíochtaí breise áitiúla, a íoc.
7. Nuair a bheas an obair curtha i gcrích is iad na hiarratasóirí a dhéanfaidh í a choinneáil in ord maith ar a gcostas féin agus ní bheidh aon dliteanas ar Chomhairle Contae Dhún na nGall i dtaca le cothabháil na hoibre.

Maoinithe ag An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail



Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040